

*"Is maith an cara,
lá fada samhraidh"*

Samhradh 2015



Istigh

Síneadh na Scoile

Chun tuilleadh eolais mar
gheall ar an síneadh
scoile téigh go dtí
leathanach 4.

4

Cork City Sports

Níos mó eolais mar gheall
ar lúthchleasaíocht agus
Cork City Sports.

2



Nuachtán Ghaelscoil Thomáis Dáibhís

Fáilte

Fáilte go dtí eagrán an tSamhraidh de Nuachtán – san eagrán seo, cuirtear béisim ar Rang 6 a bheidh ag imeacht uainn chuig meánscoileanna an cheantair. Ag fágáil slán leo, guímid gach rath orthu ina scoileanna nua agus gabhaimid buiochas leo as ucht cur leis an nGhaelscoil le ocht mbliana anuas. Roinneadar a gcuid cuimhní linn anseo agus táimid cinnte go mbainfidh sibh taitneamh as iad a léamh.

Induction Day for New Junior Infants:

Ar an Luan 15ú Meitheamh bhí na náionáin sa Ghaelscoil don mhaidin chun dul i dtaití ar a scoil nua roimh Mheán Fómhair. Guímid gach rath ar na páistí óga a bheidh ag teacht ar scoil don chéad uair an scoilbhliain seo chugainn!





Cork City Sports in Institiúd Teicneolaíochta Chorcaí



Cúrsaí Spóirt

Comhghairdeas le daltaí na Gaelscoile a rinne thar bar rag lúthchleasaíocht, Spikeball, snámh, peil, iománaíocht, camógaíocht, cispheil agus ealaín i rith na bliana. Chomhghairdeas libh go léir as bhur gcuid éachtanna.

Turasanna Scoile

Bhain daltaí na Gaelscoile an-taitneamh as a dturasanna scoile i mbliana. Le déanaí thaisteal Rang Jackie agus Rang Angela go dtí an bhfeirm i Watergrasshill. Bhain Ranganna Donna agus Shíle an-taitneamh as Let's Go i gCarraig na hAbhann.

Chuaigh Ranganna Máire P. agus Maighréad go Fóta agus Rang 2 ar turas go Chaisleán Bhun Raite. Bhí lá oideachasúil agus taitneamhach ag Ranganna 3 & 4 ag foghlaim i Lifetime Lab agus ag babhláil. Chaith Rg 6 lá iontach sa Ghaeltacht fad is a bhí lá fíor gníomhach ag Rang 5 ar Lochán Bhaile Úi Ais.




Ceol agus Amhránaíocht sa Ghaelscoil

Bhí Cór na Gaelscoile ana-ghnóthach i gcaitheamh na scoilbhliana. Chanadar ag Comóradh Thomás Dáibhís ag Sáipéal Naomh Shéamuis. D'amhránadár go binn roimh dhráma na Nollag i mbliana. Do lean a gcuid oibre ar aghaidh i ndiaidh na Nollag nuair a thugadar cuairt ar Nazareth House, lena gcuid scileanna iontacha a roinnt leis na seanóirí is an fhoireann ansan. Thaifeadaíodar dhá thraigc don dlúthdhiosca nua, is chuireadar go mór mhór leis an gCéad Comaoineach i mbliana, fé mar a dhéanann siad de ghnáth, lena n-amhránaíocht cheolmhar.



Bhí Ceolchoireann na Gaelscoile ana-ghnóthach leis. Dheineadar nasc le Ceolchoireann an Ghaelcholáiste, is fuaireadar cuireadh dul chuig an Naíonra don comóradh a bhí ar siúl acu do Thomás Dáibhís. Sheinneadar ag an leabharlann ag aimsir na Nollag chun airgead a bhailíú do charthanás áitiúil. I ndiaidh na Nollag, chuadar go dtí Halla na Cathrach, is sheinn cúigear is seascaid acu go hanamúil ar an státse ag Cór Fhéile na Scol. Bhuaileadar le ceoltóirí an Ghaelcholáiste ag deireadh bliana arís, chun seinnt sa bhaile mór, is sa choláiste, is iad ag bailíú airgid ar son Neipeal. Anuas ar sin, táid le clos ar an ndlúthdhiosca nua fé dhó.



Measúnú Scoile Uile Whole School


Ar fail ar www.education.ie. Deineadh Measúnú Scoile Uile ar ár scoile mí Eanair seo caite. Mar chuid den Mheasúnú, cuireadh ceistneoirí ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí, maraon le cuairt ó chigirí na Roinne chun na scoile. Chaith na cigirí seachtain sa scoil agus deineadh cigireacht ar an bhfoghlaim, ar an teagasc agus ar an bpleanáil sa scoil.

A Whole School Evaluation was conducted by inspectors from the Department of Education & Skills on our school last January. Questionnaires were administered to parents and pupils and the inspectors spent a week evaluating the learning, teaching and the school planning processes. We are delighted with the very positive feedback in the report. The tremendous work of pupils, staff, parents and Board of Management are all acknowledged in the report. The full report is available on the department's website www.education.ie.

Déanaim comhghairdeas le gach duine idir pháistí, thuismitheoirí, mhúinteoirí agus baill an bhoird as toradh na measunuithe.

Dlúthdhiosca Chomóraidh Commemoration CD

Osclaíodh an Ghaelscoil ar an 1ú Meán Fómhair 1985. Rinneamar taifeadh le déanaí de gach rang ar an dlúthdhiosca chun 30 bliain de ghaelscolaíocht a cheiliúradh. Tá meascán de cheol, amhránaíocht, rannta agus dánta ar an dlúthdhiosca. Tá an CD ar fáil ar €5, bígí linn agus ceanniagh ceann!!



Cead Pleanála

Ceadaíodh an síneadh scoile ag leibhéal an Bhóird Pleanála le déanaí. Is cúis mór áthais é an cinneadh seo agus táimid i dteagháill leis an Roinn faoi láthair ag iarraidh an réamhobair a chur i gcrích. Cé go mbeidh cóiríocht sealadach fós againn do 2015/2016, bheimís ag súil go mbeidh na seomraí nua réidh don am seo an bhliain seo chugainn. Ár mbuiochas le gach duine a chabhraigh linn agus as ucht bhur gcomhoibriú.

Éide Scoile/ Culaith Spóirt

Parents who wish to purchase school uniforms should place an order with Philip's Bookshop as soon as possible. Final orders for school tracksuits have now been placed by Coiste na dTuismitheoirí.

Míle buíochas to the parents who organised same and have negotiated a substantial saving for all families. Buíochas leis na tuistí a cabhraigh i rith na bliana le maor tráchta, cniotáil, scéim coigiltis CU, turasanna, leabhair ar cíos agus ag ocáidí scoile. Maith sibh!

Tionól Deireadh na Blíana

Gach bliain bíonn tionól ag deireadh na bliana chun slán a fhágáil le daltaí Rg 6. Bronntar teastas agus peann scoile ar na daltaí atá ag dul go dtí an mheánscoil mar chuimhneacháin ar a dtréimhse sa Ghaelscoil.



Each year to mark the end of their time in the Gaelscoil, we hold an end of year assembly for 6th class. The pupils are presented with a certificate and a special commemorative school pen.



Laethanta Saoire an tSamhraidh – Summer Holidays

School will close at 12.30 on TUESDAY 23rd June and reopen on WEDNESDAY 26th August 2015. May we take this opportunity to wish you and your families a happy and sunny summer.

Samhradh deas, grianmhar oraibh go léir! Coiméad súl ar shuíomh idirlíona na scoile le linn an tsamhraidh le haghaidh liostaí leabhair, griangrafeanna agus eolas eile.

Múinteoir Nua don Ghelscoil

Beidh múinteoir nua, Sinéad Ní Chaoimh, ag obair sa Ghaelscoil an bhilain seo chugainn.